Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 7 Bealtaine 2024**
**(OR. en)**

**9638/24**

**DEVGEN 69**
**FIN 434**
**ACP 46**
**RELEX 625**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| An: | 7 Bealtaine 2024 |
| chuig: | Toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 7799/24 |
| Ábhar: | Tuarascáil Bhliantúil 2023 ar chur chun feidhme ionstraimí gníomhaíochta seachtraí an Aontais Eorpaigh in 2022<br>- Conclúidí ón gComhairle (an 7 Bealtaine 2024) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo, na Conclúidí ón gComhairle maidir le tuarascáil bhliantúil 2023 ar chur chun feidhme ionstraimí gníomhaíochtaí seachtracha an Aontais Eorpaigh in 2022, mar a d'fhormheas an Chomhairle iad ag an 4021ú cruinniú dá cuid a bhí ar siúl an 7 Bealtaine 2024.

**IARSCRÍBHINN**

**Conclúidí ón gComhairle maidir le Tuarascáil Bhliantúil 2023 ar Chur Chun Feidhme ionstraimí gníomhaíochta seachtraí an Aontais Eorpaigh in 2022**

1. Meabhraítear don Chomhairle a thábhachtaí atá sé comhpháirtíochtaí idirnáisiúnta an Aontais a neartú, go háirithe sa chomhthéacs geopholaitiúil dúshlánach atá ann faoi láthair, de bharr chogadh foghach na Rúise ar an Úcráin, an mhéadaithe atá tagtha ar éagobhsaíocht sa Mheán Oirthear, sa tSaiheil agus in áiteanna eile ar domhan, agus i bhfianaise éifeachtaí leanúnacha eacnamaíocha, sóisialta, oideachais agus sláinte phaindéim COVID-19, mar aon leis an ngéarchéim leanúnach aeráide agus bithéagsúlachta. Is príomhuirlisí iad ionstraimí gníomhaíochta seachtraí an Aontais agus an straitéis Global Gateway chun comhoibriú le comhpháirtithe, an t-iltaobhachas a neartú, luachanna daonlathacha agus cearta an duine a chaomhnú agus ról geopholaitiúil agus tosaíochtaí beartais an Aontais a chur chun cinn, trí chur chuige Fhoireann na hEorpa.

2. Tugann an Chomhairle dá haire gurb iad an tAontas agus a Bhallstáit, i dteannta a chéile, an comhpháirtí forbartha agus an bloc trádála is mó ar domhan, an príomhinfheisteoir domhanda agus an dara deontóir daonnúil is mó ar domhan. Chuir an tAontas agus a Bhallstáit, i gcur chuige Fhoireann na hEorpa, EUR 92.1 billiún ar fáil in 2022, arbh ionann é agus 42 % den chúnamh forbartha oifigiúil domhanda (ODA). Rannchuidíonn an tAontas agus a Bhallstáit leis an mbochtaineacht a dhíothú, le haghaidh a thabhairt ar thionchair an athraithe aeráide agus chailliúint na bithéagsúlachta, le dul i ngleic le neamhionannais, lena n-áirítear neamhionannas inscne, agus forbairt inbhuanaithe, síocháin agus cobhsaíocht a chur chun cinn — lena n-áirítear trí chur chuige an naisc idir an daonnúlacht, an fhorbairt agus an tsíocháin agus trí ghníomhaíocht dhaonnúil atá bunaithe ar riachtanais, ar bhonn prionsabail agus inscne — agus trí infheistíocht inbhuanaithe, cearta an duine, daonlathas, dea-rialachas agus an smacht reachta a chur chun cinn. Tá ionstraimí seachtracha an Aontais ríthábhachtach chun cur leis an gcomhleanúnachas idir beartais forbartha, eachtracha, aeráide, trádála agus slándála an Aontais, chomh maith le ceannaireacht, freagracht agus dlúthpháirtíocht dhomhanda an Aontais a léiriú. I ndáil leis an méid sin, dearbhaíonn an tAontas agus a Bhallstáit gur prionsabal tábhachtach é comhtháthú beartas ar mhaithe leis an bhforbairt inbhuanaithe chun comhar um fhorbairt níos éifeachtaí a bhaint amach.

3. Is díol sásaimh don Chomhairle an tuarascáil bhliantúil ar chur chun feidhme ionstraimí gníomhaíochta seachtraí an Aontais Eorpaigh in 2022, ina léirítear comhpháirtíochtaí an Aontais agus a dtionchar. Tá na comhpháirtíochtaí sin bunaithe ar thoil pholaitiúil ar an dá thaobh, ar chomhluachanna agus leasanna, ar phrionsabal an iltaobhachais éifeachtaigh a bhfuil na Náisiúin Aontaithe ina chroílár, ar chur chun cinn na hinbhuanaitheachta agus ar an urraim do chearta uilíocha an duine, don daonlathas agus don smacht reachta.

4. Is mór ag an gComhairle go gcumhdaítear sa tuarascáil na príomhghnéithe a ghabhann le tacaíocht airgeadais an Aontais in 2022, maidir le comhpháirtíochtaí idirnáisiúnta agus don bheartas forbartha, beartas comharsanachta na hEorpa, cúnamh daonnúil agus cosaint shibhialta, méadú an Aontais, síocháin, slándáil agus cosaint, freagairt agus ullmhacht i gcomhair géarchéime, cearta an duine agus an daonlathas, an comhionannas inscne, agus tacaíocht do chuspóirí beartais eachtraigh an Aontais. Is díol sásaimh don Chomhairle freisin an iarracht atá déanta sa tuarascáil a léiriú conas a rannchuidíonn gníomhaíocht sheachtrach an Aontais, trína ionstraimí éagsúla, tríd an straitéis Global Gateway agus trí bheartas an Aontais um méadú, le ról geopholaitiúil, síocháin agus slándáil agus tosaíochtaí beartais an Aontais. Áirítear ODA leis sin, ach téann sé níos faide ná sin freisin agus comhlánaíonn sé ODA.

5. Aithníonn an Chomhairle freisin rannchuidiú na tuarascála le tuairisciú ar bhaint amach Chlár Oibre 2030 don Fhorbairt Inbhuanaithe agus na 17 Sprioc Forbartha Inbhuanaithe (SDGanna) sna Deich mBliana seo i mbun Gnímh a ghabhann leis, mar aon le Comhaontú Pháras agus an Comhdhearcadh Eorpach maidir le Forbairt. Aithníonn an Chomhairle a thábhachtaí atá an tuarascáil bhliantúil maidir le trédhearcacht agus cuntasacht ghníomhaíocht sheachtrach an Aontais, agus maidir le machnamh straitéiseach agus cumarsáid. Is díol sásaimh don Chomhairle an tuarascáil mar uirlis faireacháin úsáideach chun grinnscrúdú a dhéanamh ar chur chun feidhme ionstraimí gníomhaíochta seachtraí an Aontais i gcoinne chuspóirí straitéiseacha an Aontais, lena n-áirítear cur chun feidhme an straitéis Global Gateway.

6. Is díol sásaimh don Chomhairle an bhéim a leagtar ar an gcaibidil gheografach, ina ndéantar cur síos ar an gcaoi a gcuireann gníomhaíocht sheachtrach an Aontais le tosaíochtaí beartais an Aontais i ngach réigiún ina bhfeidhmíonn sí. Maidir leis an gcaibidil théamach, is díol sásaimh don Chomhairle go háirithe an bhéim a leagtar ar fhorbairt an duine, lena n-áirítear sláinte, cosaint shóisialta, comhionannas inscne, oideachas agus slándáil bia agus cothaithe mar aon le tionchair an athraithe aeráide. Sa chomhthéacs sin, meabhraítear don Chomhairle na conclúidí ón gComhairle maidir le forbairt dhaonna an 14 Meitheamh 2021.

7. Is díol sásaimh don Chomhairle an bhéim a leagtar sa tuarascáil ar an tacaíocht lárnach a chuireann an tAontas ar fáil don Úcráin agus do thíortha comharsanachta atá thíos leis an gcogadh chomh maith leis na hiarrachtaí chun aghaidh a thabhairt ar iarmhairtí réigiúnacha agus domhanda chogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine agus ar an tionchar ar na grúpaí is leochailí, go háirithe maidir le slándáil bia agus fuinnimh. Molann an Chomhairle don Choimisiún leanúint de bhéim a leagan ar thacaíocht an Aontais chun dul i ngleic le dúshláin dhomhanda. Is díol sásaimh don Chomhairle nár chuir iarrachtaí an Aontais chun tacú leis an Úcráin isteach ar thacaíocht do thíortha comhpháirtíochta eile, go háirithe do na tíortha is lú forbairt agus do na tíortha is soghonta.

8. Cuireann an Chomhairle i dtreis gur gá freagairt chomhtháite, chomhleanúnach ón Aontas a ghlacadh ar ghéarchéimeanna agus ar choinbhleachtaí seachtracha, lena n-áirítear trí ionstraimí gníomhaíochta seachtraí an Aontais. Is príomhghnéithe i ndáil leis sin iad coinbhleachtaí a chosc trí anailís thráthúil agus luathfhreagairt, tacú le hidirghabháil agus idirphlé síochána, síocháin agus athléimneacht a chothú, agus comhpháirtíochtaí idirnáisiúnta agus réigiúnacha a chruthú i réimse na síochána, na slándála agus na cosanta. Beidh solúbthacht agus freagrúlacht i straitéisí an Aontais ríthábhachtach chun ábharthacht agus éifeachtacht a choinneáil i dtimpeallacht dhinimiciúil idirnáisiúnta.

9. Is mór ag an gComhairle go n-áirítear sa tuarascáil tacaíocht an Aontais chun iarmhairtí fadtéarmacha phaindéim COVID-19 a shárú, ullmhacht i gcomhair géarchéimeanna sláinte idirnáisiúnta, agus gealltanais an Aontais maidir le maoiniú a bhaineann leis an aeráid agus cosaint na bithéagsúlachta. Cuireann an Chomhairle i bhfios go láidir a thábhachtaí atá sé a áirithiú go dtabharfar aghaidh ar mhaolú agus ar oiriúnú don troid i gcoinne an athraithe aeráide agus go sroichfear na pobail is leochailí, lena n-áirítear Stáit Oileánacha Bheaga i mBéal Forbartha (SIDS). Is díol sásaimh don Chomhairle freisin an aird a tugadh sa tuarascáil ar an imirce agus ar an easáitiú éigeantach. Maidir leis seo meabhraítear don Chomhairle a thábhachtaí atá sé tionscnaimh de chuid an Aontais a dhearadh, a mhaoiniú agus a chur chun feidhme chun dul i ngleic leis an imirce neamhrialta agus na bunchúiseanna atá léi agus aghaidh a thabhairt ar an easáitiú éigeantach, i gcur chuige Fhoireann na hEorpa.

10. Cuireann an Chomhairle i dtreis a thábhachtaí atá sé go mbeadh gníomhaíocht sheachtrach an Aontais ag cloí le prionsabail an chomhair um fhorbairt éifeachtach, go háirithe chun cumas oibríochtúil ionstraimí seachtracha an Aontais a áirithiú chun na spriocanna agus na huaillmhianta a leagtar amach ina gcreataí dlíthiúla faoi seach a bhaint amach go héifeachtach, bunaithe ar stiúradh polaitiúil agus straitéiseach na Comhairle. Is mór ag an gComhairle an feabhas leanúnach ar an tuairisciú ó sheirbhísí an Choimisiúin agus ó SEGS maidir le torthaí nithiúla agus tionchar idirghabhálacha an Aontais, lena n-áirítear na torthaí agus na hiarscríbhinní airgeadais. Molann an Chomhairle don Choimisiún anailís níos feiceálaí a dhéanamh ar shonraí agus ar thorthaí maidir leis an rannchuidiú le spriocanna na hIonstraime um Chomharsanacht, Forbairt agus Comhar Idirnáisiúnta (NDICI)-An Eoraip Dhomhanda sa tuarascáil atá ar na bacáin, agus maidir le tacaíocht do na tíortha is lú forbairt, i gcomhréir le hAirteagal 41 den Rialachán maidir leis an Ionstraim um Chomharsanacht, Forbairt agus Comhar Idirnáisiúnta (NDICI) — an Eoraip Dhomhanda. Molann an Chomhairle go n-úsáidfí sonraí imdhealaithe de réir inscne de réir mar is iomchuí.

11. Molann an Chomhairle na hiarrachtaí a rinneadh chun sciar 32.4 % de na gealltanais a bhaint amach chun tacú le cosaint shóisialta agus le forbairt dhaonna, 13.6 % do thionscadail a bhaineann leis an imirce, 9.2 % chun tacú leis an oideachas, chomh maith leis an treocht i dtreo sciar 85 % de na gníomhaíochtaí lena gcuirtear leis an gcomhionannas inscne. Iarrann an Chomhairle ar an gCoimisiún gníomhaíochtaí a fhorbairt a thuilleadh chun freagairt don athrú aeráide agus chun an bhithéagsúlacht a chosaint, d'fhonn na spriocanna a comhaontaíodh a bhaint amach. Tugann an Chomhairle dá haire an dul chun cinn a rinneadh i dtreo na spriocanna institiúideacha agus straitéiseacha a leagtar amach i bPlean Gníomhaíochta Inscne III an Aontais 'Clár Oibre Uaillmhianach don Chomhionannas Inscne agus do Chumhachtú na mBan i nGníomhaíocht Sheachtrach an Aontais Eorpaigh', mar a cuireadh in iúl sna conclúidí ón Uachtaránacht agus mar a léirítear sa tuarascáil bhliantúil.

12. Is díol sásaimh don Chomhairle an tuairisciú ar chur chun feidhme ionstraimí gníomhaíochta seachtraí an Aontais agus an méid a baineadh amach le cur chuige Fhoireann na hEorpa, lena n-áirítear cur chun feidhme an straitéis Global Gateway agus thionscnaimh Fhoireann na hEorpa. Sa chomhthéacs sin, tá an Chomhairle tiomanta don bhéim ar thorthaí agus ar chuimsitheacht a neartú, trédhearcacht agus cuntasacht fhrithpháirteach a fheabhsú, agus úinéireacht na gcomhpháirtithe a chur chun cinn, comhar um fhorbairt éifeachtach agus cur chuige bunaithe ar riachtanais a chur chun cinn, chomh maith leis an éilliú a chomhrac mar riosca agus mar bhac ar fhorbairt. Meabhraítear don Chomhairle freisin gur bunriachtanas comhroinnt faisnéise réamhghníomhach agus tráthúil, dlúthchomhairle, comhordú agus solúbthacht gach ball d'Fhoireann na hEorpa chun go mbeidh tionchar inbhuanaithe ag gníomhaíochtaí comhpháirteacha. Iarrann an Chomhairle ar Thoscaireachtaí an Aontais a ról comhordúcháin a fheidhmiú go hiomlán maidir le Foireann na hEorpa i gclársceidealú agus i gcur chun feidhme NDICI i dtíortha comhpháirtíochta, trí dhlúthpháirt a thabhairt d'ambasáidí na mBallstát de mheon oibriú níos fearr le chéile. Is díol sásaimh don Chomhairle rannpháirtíocht leanúnach na hearnála príobháidí, lena n-áirítear trí ionstraim an Chiste Eorpaigh um Fhorbairt Inbhuanaithe Plus (CEFI+).

13. Is mór ag an gComhairle gur foilsíodh an tuarascáil go tráthúil i gcomhréir le hAirteagal 41 den Rialacháin maidir le NDICI-an Eoraip Dhomhanda agus is díol sásaimh di na hiarrachtaí atá á ndéanamh chun comhdheiseanna a chur chun cinn agus ceanglais inrochtaineachta a chomhlíonadh do dhaoine faoi mhíchumas, i gcomhréir le Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine atá faoi Mhíchumas. Meabhraítear don Chomhairle go gcuidíonn cuimsitheacht ghníomhaíocht sheachtrach an Aontais leis an leochaileacht agus leis an neamhionannas a laghdú, agus tacaíocht á tabhairt ag an am céanna don dínit agus don fhorbairt dhaonna.

14. Is díol sásaimh don Chomhairle an cur chuige nua maidir le cumarsáid straitéiseach sa ghníomhaíocht sheachtrach a chuir seirbhísí an Choimisiúin agus SEGS chun feidhme. Tacaíonn an Chomhairle le gníomhaíochtaí cumarsáide straitéiseacha chomh maith leis na gníomhaíochtaí sin a neartú chun cur i gcoinne ionramháil agus cur isteach eachtrach ar fhaisnéis, lena n-áirítear bréagaisnéis. Le cumarsáid straitéiseach, ag leibhéal na gceanncheathrúna agus ar leibhéal Thoscaireachtaí an Aontais méadófar tionchar agus infheictheacht ghníomhaíocht sheachtrach an Aontais, lena n-áirítear trí thionscnaimh Fhoireann na hEorpa, tríd an straitéis Global Gateway agus trí ghníomhaíochtaí eile arna gcur chun feidhme i gcur chuige Fhoireann na hEorpa chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin dhomhanda. Molann an Chomhairle do sheirbhísí an Choimisiúin agus do SEGS leanúint de bheith ag tacú leis na hiarrachtaí sin le sonraí tionchair cothrom le dáta. Is díol sásamh don Chomhairle gur eagraíodh misin pholaitiúla i gcur chuige Fhoireann na hEorpa chun cur le hinfheictheacht an Aontais agus a Bhallstáit mar chomhpháirtí inchreidte agus iontaofa don fhorbairt.